TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
MEDINA
arna tabhairt an 1 Lúnasa 2025[1]

Cás C-422/24

Integritetsskyddsmyndigheten
v
AB Storstockholms Lokaltrafik

(iarraidh ar réamhrialú ó Högsta förvaltningsdomstolen (an Chúirt Uachtarach Riaracháin, an tSualainn))

(Tarchur chun réamhrialú – Daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin – Rialachán (AE) 2016/679 – Sonraí pearsanta a fhaightear trí cheamara colainne arna chaitheamh ag cigirí ticéad ag obair le cuideachta iompair phoiblí – Faisnéis atá le cur ar fáil don ábhar sonraí – Airteagail 13 agus 14)

I. Réamhrá

1. Baineann an cás seo leis an oibleagáid atá ar rialaitheoir, mar a shainmhínítear i bpointe 7 d'Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2016/679 ('RGCS'),[2] faisnéis a chur ar fáil d'ábhar sonraí i gcás ina mbailítear sonraí pearsanta trí cheamara colainne arna chaitheamh ag cigirí ticéad ar iompar poiblí. An oibleagáid atá ar an rialaitheoir faisnéis a sholáthar d'ábhair a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta, is é sin atoradh an chirt chun faisnéise a thugtar do na hábhair sonraí sin le hAirteagail 12 go 14 de RGCS.[3] Mar bhunchloch phrionsabal na trédhearcachta,[4] ráthaítear leis an gceart chun faisnéise 'trédhearcacht na próiseála go léir' i gcomhthéacs RGCS.[5]

2. Iarrtar ar an gCúirt, go sonrach, rialú a thabhairt, i gcásanna a bhaineann le bailiú sonraí trí cheamara colainne, an é Airteagal 13 nó Airteagal 14 de RGCS an bunús dlí iomchuí. Tá impleachtaí tábhachtacha ag sainiú raon feidhme gach ceann de na forálacha sin ar uainiú soláthair faisnéise, agus ar na heisceachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann freisin.

1 Bunteanga: an Béarla.

2 Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO 2016 L 119, lch. 1, arna cheartú le IO 2018 L 127, lgh. 3-7 agus IO 2021 L 74, lgh, 35-47).

3 Féach, chuige sin, breithiúnas an 11 Iúil 2024, *Meta Platforms Ireland (Caingean ionadaíoch)* (C-757/22, EU:C:2024:598, mír 58).

4 Vrabec, H.U., *Data Subject Rights under the GDPR*, Oxford University Press, Oxford, 2021, lch. 64.

5 Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Cruz Villalón in *Bara agus páirtithe eile* (C-201/14, EU:C:2015:461, mír 74).

II. An dlí lena mbaineann

3. Foráiltear le hAirteagal 13 de RGCS, dar teideal ‘An fhaisnéis a bheidh le soláthar i gcás go mbailítear sonraí ón ábhar sonraí’:

‘1. I gcás go mbailítear sonraí pearsanta a bhaineann le hábhar sonraí ón ábhar sonraí, tabharfaidh an rialaitheoir an fhaisnéis uile faoin méid seo a leanas don ábhar sonraí tráth a gheofar na sonraí pearsanta:

(a) céannacht agus sonraí teagmhála an rialaitheora agus, i gcás inarb ábhartha, céannacht agus sonraí teagmhála ionadaí an rialaitheora;

(b) sonraí teagmhála an oifigigh cosanta sonraí, i gcás inarb infheidhme;

(c) críocha na próiseála dá bhfuil na sonraí pearsanta beartaithe chomh maith leis an mbunús dlí don phróiseáil;

(d) i gcás ina bhfuil an phróiseáil bunaithe ar phointe (f) d’Airteagal 6(1), na leasanna dlisteanacha atá á saothrú ag an rialaitheoir nó ag triú páirtí;

(e) i gcás inarb infheidhme, faighteoirí na sonraí pearsanta nó catagóirí fhaighteoirí na sonraí pearsanta, más ann dóibh;

(f) i gcás inarb infheidhme, go bhfuil sé beartaithe ag an rialaitheoir sonraí pearsanta a aistriú chuig tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta agus cibé arb ann nó nach ann do chinneadh leordhóthanachta ón gCoimisiún, nó i gcás na n-aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 46 nó in Airteagal 47, nó sa dara fomhír d’Airteagal 49(1), tagairt do na coimircí iomchuí nó oiriúnacha agus na bealaí inar féidir chun cóip díobh a fháil nó an áit inar cuireadh iad ar fáil.

2. De bhreis ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1, soláthróidh an rialaitheoir don ábhar sonraí, tráth a gheofar sonraí pearsanta, an fhaisnéis bhreise sin is gá chun próiseáil chothrom agus thrédhearcach a áirithiú:

(a) tréimhse stórála na sonraí pearsanta, nó murarb indéanta sin, na critéir a úsáidtear chun an tréimhse sin a chinneadh;

(b) is ann don cheart rochtain ar shonraí pearsanta a bhaineann leis ábhar sonraí agus go ndéanfaí ceartú nó léirscriosadh na sonraí sin, a iarraidh ar an rialaitheoir, nó srianadh ar phróiseáil maidir leis an ábhar sonraí agus is ann don cheart agóid a dhéanamh i gcoinne na próiseála chomh maith leis an gceart chun iniomparthacht sonraí;

(c) i gcás ina bhfuil an phróiseáil bunaithe ar phointe (a) d’Airteagal 6(1) nó ar phointe (a) d’Airteagal 9(2), beidh sé de cheart an toiliú a tharraingt siar tráth ar bith, gan difear a dhéanamh do dhlíthiúlacht na próiseála atá bunaithe ar an toiliú sin a fháil roimh an tarraingt siar a dhéanamh;

(d) an ceart gearán a thaisceadh le húdarás maoirseachta;

(e) an ceanglas reachtach nó conarthach é an ceanglas sonraí pearsanta a sholáthar, nó an ceanglas é ar gá é le go ndéanfaí i gconradh, agus an bhfuil oibleagáid ar an ábhar sonraí na sonraí pearsanta sin a sholáthar mar aon leis na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann i gcás nár soláthraíodh na sonraí sin; agus

(f) is ann do chinnteoireacht uathoibrithe, lena n-áirítear próifíliú, dá dtagraítear in Airteagal 22(1) agus (4) agus, sna cásanna sin ar a laghad, d'fhaisnéis fhónta faoin loighic a bheidh i gceist, chomh maith le suntasacht na próiseála sin agus na hiarmhairtí a mheastar a bheadh aici ar an ábhar sonraí.

3. I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag an rialaitheoir na sonraí pearsanta a phróiseáil tuilleadh chun críche seachas an chríoch dar bailíodh na sonraí pearsanta, cuirfidh an rialaitheoir, sula ndéanfar an tuilleadh próiseála sin, faisnéis ar fáil don ábhar sonraí faoin gcríoch eile sin mar aon le haon fhaisnéis bhreise ábhartha dá dtagraítear i mír 2.

4. Ní bheidh feidhm ag mír 1, mír 2 ná mír 3 i gcás go bhfuil an fhaisnéis ag an ábhar sonraí cheana agus a mhéid go bhfuil.'

4. Foráiltear le hAirteagal 14 de RGCS, dar teideal 'An Fhaisnéis a bheidh le soláthar i gcás nár bailíodh na sonraí pearsanta ón ábhar sonraí':

'1. I gcás nár bailíodh na sonraí pearsanta ón ábhar sonraí, soláthróidh an rialaitheoir an fhaisnéis seo a leanas don ábhar sonraí:

(a) céannacht agus sonraí teagmhála an rialaitheora agus, i gcás inarb infheidhme, céannacht agus sonraí teagmhála ionadaí an rialaitheora;

(b) sonraí teagmhála an oifigigh cosanta sonraí, más ann dó, más infheidhme;

(c) críocha na próiseála dá bhfuil na sonraí pearsanta beartaithe chomh maith leis an mbunús dlí don phróiseáil;

(d) catagóirí na sonraí pearsanta lena mbaineann;

(e) faighteoirí nó catagóirí fhaighteoirí na sonraí pearsanta, más ann dóibh;

(f) i gcás inarb infheidhme, go bhfuil sé beartaithe ag an rialaitheoir sonraí pearsanta a aistriú chuig faighteoir i dtríú tír nó in eagraíocht idirnáisiúnta agus cibé arb ann nó nach ann do chinneadh leordhóthanachta ón gCoimisiún [Eorpach] [...]

2. De bhreis ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1, soláthróidh an rialaitheoir don ábhar sonraí an fhaisnéis a leanas is gá chun próiseáil chothrom agus thrédhearcach a áirithiú maidir leis an ábhar sonraí:

(a) tréimhse stórála na sonraí pearsanta, nó murarb indéanta sin, na critéir a úsáidtear chun an tréimhse sin a chinneadh;

(b) i gcás ina bhfuil an phróiseáil bunaithe ar phointe (f) d'Airteagal 6(1), na leasanna dlisteanacha atá á saothrú ag an rialaitheoir nó ag triú páirtí;

(c) is ann don cheart rochtain ar shonraí pearsanta a bhaineann leis an ábhair sonraí agus ceartú nó léirscriosadh na sonraí pearsanta sin, a iarraidh ar an rialaitheoir, nó srianadh ar phróiseáil maidir leis an ábhar sonraí agus is ann don cheart agóid a dhéanamh i gcoinne na próiseála chomh maith leis an gceart chun iniomparthacht sonraí;

(d) i gcás ina bhfuil an phróiseáil bunaithe ar phointe (a) d'Airteagal 6(1) nó ar phointe (a) d'Airteagal 9(2), beidh sé de cheart an toiliú a tharraingt siar tráth ar bith, gan difear a dhéanamh do dhlíthiúlacht na próiseála atá bunaithe ar an toiliú sin a fháil roimh an tarraingt siar a dhéanamh;

(e) an ceart gearán a thaisceadh le húdarás maoirseachta;

(f) an fhoinse as ar tháinig na sonraí pearsanta, agus más infheidhme, ar tháinig na sonraí as foinsí a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu;

(g) is ann do chinnteoireacht uathoibrithe, lena n-áirítear próifíliú dá dtagraítear in Airteagal 22(1) agus (4) agus sna cásanna sin ar a laghad, d'fhaisnéis a bhaineann leis an loighic a bheidh i gceist, chomh maith le suntasacht na próiseála sin agus na hiarmhairtí a mheastar a bheadh aici ar an ábhar sonraí.

3. Soláthróidh an rialaitheoir an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2:

(a) laistigh de thréimhse réasúnta tar éis na sonraí pearsanta a fháil, ach faoi cheann mí amháin ar a dhéanaí, ag féachaint do na himthosca sonracha ina ndéantar na sonraí pearsanta a phróiseáil;

(b) má tá na sonraí pearsanta le húsáid chun cumarsáid a dhéanamh leis an ábhar sonraí, ar a dhéanaí tráth a dhéantar an chéad chumarsáid leis an ábhar sonraí; nó

(c) sa chás go bhfuil sé beartaithe na sonraí pearsanta a nochtadh d'fhaighteoir eile, ar a dhéanaí tráth a nochtar na sonraí i gcéad uair.

4. I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag an rialaitheoir na sonraí pearsanta a phróiseáil tuilleadh chun críche seachas an chríoch ina bhfuarthas na sonraí pearsanta, cuirfidh an rialaitheoir, sula ndéanfar an tuilleadh próiseála sin, faisnéis ar fáil don ábhar sonraí faoin gcríoch eile sin mar aon le haon fhaisnéis ábhartha bhreise dá dtagraítear i mír 2.

5. Ní bheidh feidhm ag mír 1 go mír 4 i gcás agus a mhéid gur fíor an méid seo a leanas:

(a) tá an fhaisnéis faighte cheana ag an ábhar sonraí;

(b) tá sé dodhéanta an fhaisnéis sin a sholáthar nó bhainfeadh iarracht dhíréireach lena soláthar, go háirithe le haghaidh próiseáil chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, chun críoch taighde eolaíoch nó stairiúil nó chun críoch staidrimh, faoi réir na gcoinníollacha agus na gcoimircí a leagtar síos in Airteagal 89(1) nó a mhéid is dócha go bhfágann an oibleagáid dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo go mbeadh sé dodhéanta na cuspóirí sin a bhaint amach nó go gcuirfí isteach go mór ar bhaint amach na gcuspóirí sin. Sna cásanna sin déanfaidh an rialaitheoir na bearta is gá chun cearta, saoirsí agus leasanna dlisteanacha an ábhair sonraí a chosaint, lena n-áirítear an fhaisnéis a chur ar fáil go poiblí;

…’

III. Cúlra na bpríomhimeachtaí agus an cheist a tarchuireadh

5. Oibríonn AB Storstockholms Lokaltrafik (Iompar Poiblí Stócólm; ‘SL’) seirbhísí iompair phoiblí. Tá ceamaraí colainne feistithe ag an gcuideachta lena cigirí ticéad. Úsáidtear na ceamaraí chun taifead a dhéanamh ar phaisinéirí nach bhfuil ticéad bailí ina seilbh acu nuair a dhéantar cigireachtaí ar thicéid agus a n-eisítear fíneáil dóibh. Tá úsáid ceamaraí colainne beartaithe chun bagairtí agus foréigean i gcoinne cigirí a chosc agus a dhoiciméadú agus chun céannacht paisinéirí a bhfuil orthu fíneáil a íoc a fhíorú.

6. Le linn a ghníomhaíochtaí maoirseachta, scrúdaigh an Integritetsskyddsmyndigheten (Údarás na Sualainne um Chosaint Príobháideachais; ‘an tÚdarás um Chosaint Príobháideachais’) an raibh an phróiseáil a rinne SL ar shonraí pearsanta a bailíodh trí úsáid a bhaint as ceamaraí colainne i gcomhréir le RGCS. D’eisigh an t-údarás sin cinneadh maoirseachta i mí an Mheithimh 2021 (‘an cinneadh maoirseachta’), ina bhfuil roinnt torthaí maidir le húsáid agus feidhmiú na gceamaraí colainne. Go sonrach, is léir ón gcinneadh sin go gcaitheann cigirí ticéad na ceamaraí le linn a seala oibre. Scannánaíonn na ceamaraí go leanúnach le híomhá agus le fuaim. Tá cuimhne chiorclach acu, mar a thugtar uirthi, rud a chiallaíonn, tar éis tréimhse áirithe ama, go scriostar gach ábhar físe go huathoibríoch. Tar éis a scriosta, scriostar an t-ábhar taifeadta. Ar dtús, stóráladh an t-ábhar taifeadta ar feadh 2 nóiméad ach, le linn an iniúchta maoirseachta, giorraíodh an tréimhse sin go nóiméad amháin. Trí chnaipe a bhrú, is féidir le cigirí ticéad scriosadh uathoibríoch a chur ar fionraí, rud a chinntíonn nach scriostar an taifeadadh. Tugtar treoir do chigirí ticéad scriosadh uathoibríoch a chur ar fionraí i ngach cás ina n-eisítear fíneáil agus i gcás bagartha freisin.

7. Ina chinneadh maoirseachta, chinn an tÚdarás um Chosaint Príobháideachais, ó mhí na Nollag 2018 go dtí dáta an chinnidh sin i mí an Mheithimh 2021, trí úsáid a bhaint as ceamaraí colainne i ndáil le cigireachtaí ticéad, go raibh sonraí pearsanta próiseáilte ag SL ar bhealach atá contrártha le roinnt forálacha de RGCS. Theip ar SL, *inter alia*, faisnéis leordhóthanach a sholáthar do na hábhair sonraí mar a cheanglaítear le hAirteagal 13 RGCS. Mar thoradh air sin, ordaíodh do SL fíneáil riaracháin dar luach 16 mhilliún Kronor (SEK) (thart ar EUR 1 422 000) san iomlán a íoc, ar bhain SEK 4 mhilliún (thart ar EUR 355 000) de le faisnéis neamhleor a sholáthar d’ábhair sonraí.

8. Rinne SL agóid i gcoinne an chinnidh maoirseachta os comhair Förvaltningsrätten i Stócólm (an Chúirt Riaracháin, Stócólm, an tSualainn), a dhiúltaigh don chaingean a mhéid a bhain sí leis an bhfíneáil as faisnéis neamhleor a sholáthar.

9. Rinne SL achomharc ansin os comhair Kammarrätten i Stócólm (an Chúirt Achomhairc Riaracháin, Stócólm, an tSualainn), a chuir an breithiúnas céadchéime ar neamhní agus a chuir an cinneadh maoirseachta ar neamhní a mhéid a d’fhorchuir sé fíneáil ar SL as faisnéis neamhleor a sholáthar d’ábhair sonraí. Ina chúiseanna leis an mbreithiúnas, thagair Kammarrätten i Stócólm (Cúirt Achomhairc Riaracháin, Stócólm) do bhreithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 11 Nollaig 2014, *Ryneš* (C-212/13, EU:C:2014:2428; ‘an bhreithiúnas in *Ryneš*’), maidir le hoibriú córais ceamara atá suiteáilte ag duine aonarach ar áras teaghlaigh. I dtuairim Kammarrätten i Stócólm (an Chúirt Achomhairc Riaracháin, Stócólm), leanann sé ón mbreithiúnas sin, i gcásanna a bhaineann le físfhaireachas, go bhfuil oibleagáid an rialaitheora

faisnéis leordhóthanach a sholáthar bunaithe ar Airteagal 11 de Threoir 95/46/CE,[6] a bhí coibhéiseach le hAirteagal 14 de RGCS roimhe sin. Thairis sin, de réir Kammarrätten i Stócólm (an Chúirt Achomhairc Riaracháin, Stócólm), léirítear le foclaíocht Airteagal 13 RGCS go bhfuil gá le cineál áirithe gníomhaíochta d'aon ghnó ón ábhar sonraí chun a mheas gur bailíodh na sonraí pearsanta ón duine sin. Ní féidir a mheas gurb amhlaidh an cás nuair a fhaightear na sonraí pearsanta trí cheamara coirp. Tháinig Kammarrätten i Stócólm (an Chúirt Achomhairc Riaracháin, Stócólm) ar an gconclúid, ós rud é nach bhfuil Airteagal 13 de RGCS infheidhme, nach raibh aon fhoras ag an Údarás um Chosaint Príobháideachais fíneáil a ghearradh ar SL as sárú ar an Airteagal sin.

10. Rinne an tÚdarás um Chosaint Príobháideachais achomharc i gcoinne bhreithiúnas Kammarrätten i Stócólm (an Chúirt Achomhairc Riaracháin, Stócólm) os comhair an Högsta förvaltningsdomstolen (an Chúirt Riaracháin Uachtarach, an tSualainn), arbh í an chúirt a rinne an tarchur, ag iarraidh go gcuirfí an breithiúnas sin ar ceal a mhéid a bhaineann sé leis an bhfíneáil mar gheall ar mhainneachtain faisnéis leordhóthanach a sholáthar do na hábhair sonraí.

11. Os comhair na cúirte a rinne an tarchur, d'áitigh an tÚdarás um Chosaint Príobháideachais go bhfuil feidhm ag Airteagal 13 RGCS fiú mura nglacann an t-ábhar sonraí páirt ghníomhach sa bhailiú sonraí. Ós rud é gur gá faisnéis a sholáthar sula gcuirtear tús le próiseáil sonraí pearsanta chun faireachas ceamara a úsáid, is é an t-ábhar sonraí a chumasaíonn, tríd an limistéar atá faoi fhaireachas a iontráil go feasach, sonraí pearsanta a bhailiú.

12. Tá sé dearbhaithe ag SL os comhair na cúirte a rinne an tarchur gur cheart an t-achomharc a dhíbhe. Áitíonn sé go dtugtar le fios le foclaíocht Airteagal 13 RGCS nach mór don ábhar sonraí a bheith rannpháirteach go feasach i mbailiú sonraí pearsanta. Thairis sin, tá an cur chuige srathach maidir le soláthar faisnéise nuair a úsáidtear faireachas ceamara i gcomhréir níos mó le scéim Airteagal 14 de RGCS ná le scéim Airteagal 13 RGCS. Foráiltear le hAirteagal 14(5)(b) den Rialachán sin d'eisceacht ón oibleagáid faisnéis a sholáthar i gcás ina bhfuil soláthar na faisnéise dodhéanta nó ina mbeadh iarracht dhíréireach ag baint leis. Áitíonn SL gur cheart feidhm a bheith ag an eisceacht sin i gcásanna ina n-úsáidtear ceamaraí colainne, toisc nach mbeadh sé praiticiúil faisnéis a sholáthar ar bhonn aonair do gach paisinéir sula ndéantar na sonraí a thaifeadadh.

13. Chun a chinneadh an raibh údar maith ag an Údarás um Chosaint Príobháideachais fíneáil a fhorchur ar SL as sárú ar Airteagal 13 de RGCS, féachann an chúirt a rinne an tarchur lena fháil amach an bhfuil feidhm ag Airteagal 13 nó Airteagal 14 de RGCS i gcás ina bhfaightear sonraí pearsanta le ceamara coirp. Tá impleachtaí ag an gcinneadh a bhfuil feidhm ag an bhforáil maidir léi freisin a bhfuil faisnéis le soláthar ina leith nuair a thagann an oibleagáid chun cinn chun faisnéis a sholáthar, agus an bhfuil nó nach bhfuil feidhm ag aon cheann de na heisceachtaí ón oibleagáid faisnéis a sholáthar.

14. Sna himthosca sin, chinn an Högsta förvaltningsdomstolen (an Chúirt Riaracháin Uachtarach) bac a chur ar na himeachtaí agus an cheist seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'Cé acu de na hAirteagail 13 agus 14 de RGCS a bhfuil feidhm acu i gcás ina bhfaightear sonraí pearsanta trí cheamara [colainne]?'

[6] Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO 1995 L 281, lch. 31).

15. Chuir na páirtithe sna príomhimeachtaí, Rialtais na hOstaire, na Danmhairge agus an Coimisiún barúlacha i scríbhinn isteach.

IV. Measúnú

A. Réamhbharúlacha maidir le raon feidhme na ceiste

16. Baineann ceist na cúirte a rinne an tarchur leis na hoibleagáidí a bhaineann le faisnéis atá ar SL, cuideachta a oibríonn seirbhísí iompair phoiblí, maidir le húsáid ceamaraí colainne ag a cigirí. Is ceamaraí colainne iad na ceamaraí atá i gceist lena dtaifeadtar íomhánna agus fuaim.[7] Is é is cuspóir d'úsáid na gceamaraí sin den chuid is mó bagairtí agus foréigean i gcoinne cigirí ticéad a chosc agus a dhoiciméadú.

17. Is léir ón ordú tagartha go dtagann an phróiseáil ábhartha faoi raon feidhme RGCS. Dá bhrí sin, ní chumhdaíonn m'anailís próiseáil sonraí a dhéantar i ndáil le húsáid ceamaraí colainne ag údaráis forfheidhmithe dlí, rud a thagann faoi raon feidhme Threoir (AE) 2016/680.[8]

18. Ní mór a chur in iúl freisin nach mbaineann an cheist a chuir an chúirt a rinne an tarchur ach le hoibleagáid an rialaitheora faisnéis a sholáthar faoi Airteagail 13 agus 14 de RGCS. Níor ceistíodh an Chúirt Bhreithiúnais maidir le dlíthiúlacht na próiseála sonraí atá i gceist faoi Airteagal 6 de RGCS.

B. Bailiú sonraí trí bhíthin ceamaraí colainne agus an oibleagáid faisnéis a sholáthar don duine is ábhar do na sonraí: raon feidhme Airteagail 13 agus 14 de RGCS a shainiú

19. Lena ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an é Airteagal 13 nó Airteagal 14 de RGCS a bhfuil feidhm aige i gcás ina mbailítear sonraí pearsanta trí bhíthin ceamaraí colainne arna gcaitheamh ag cigirí ticéad a oibríonn le cuideachta a oibríonn seirbhísí iompair phoiblí.

20. Leagtar amach in Airteagail 13 agus 14 de RGCS raon feidhme na hoibleagáide atá ar an rialaitheoir *vis-à-vis* an t-ábhar sonraí faisnéis a sholáthar. Tá feidhm ag Airteagal 13 i gcás ina mbailítear sonraí pearsanta ón ábhar sonraí (*bailiú díreach*), ach tá feidhm ag Airteagal 14 i gcás nár bailíodh sonraí pearsanta ón ábhar sonraí (*bailiú indíreach*).[9]

[7] Féach mír 6 den Tuairim seo.

[8] Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO 2016 L 119, lch. 89). Maidir leis an idirdhealú idir raon feidhme RGCS agus Treoir 2016/680, féach breithiúnas an 21 Meitheamh 2022, *Ligue des droits humains* (C-817/19, EU:C:2022:491, mír 67 et seq.).

[9] Féach mo Thuairim in *Másdi* (C-169/23, EU:C:2024:474, míreanna 23 go 25). Maidir leis an idirdhealú idir bailiú díreach agus indíreach sonraí, féach, faoi Threoir 95/46, breithiúnas an 7 Samhain 2013, *IPI* (C-473/12, EU:C:2013:715, mír 24).

21. Is ionann formhór na míreanna faisnéise nach mór a sholáthar faoi Airteagail 13 agus 14 RGCS, cé go bhfuil roinnt éagsúlachtaí ann.[10] Baineann an difríocht is tábhachtaí idir an dá fhoráil leis an *am* nach mór an fhaisnéis a sholáthar agus leis na *heisceachtaí* féideartha leis an oibleagáid chun faisnéis a sholáthar.

22. Faoi Airteagal 13(1) agus (2) de RGCS, i gcás ina mbailítear sonraí pearsanta ón ábhar sonraí, ní mór an fhaisnéis a sholáthar 'tráth a gheofar sonraí pearsanta'. I gcás nach bhfuarthas sonraí pearsanta ón ábhar sonraí, ní mór don rialaitheoir an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 14(1) agus (2) de RGCS a sholáthar laistigh de na tréimhsí ama a leagtar amach in Airteagal 14(3)(a), (b) agus (c) de. Is é an riail ghinearálta ná go gcaithfidh an rialaitheoir an fhaisnéis a sholáthar laistigh de thréimhse réasúnta tar éis na sonraí pearsanta a fháil, ach ar a dhéanaí laistigh de mhí amháin, ag féachaint do na himthosca sonracha ina ndéantar na sonraí pearsanta a phróiseáil (Airteagal 14(3)(a) de RGCS). Tá an tréimhse ama ar laistigh di nach mór don rialaitheoir an fhaisnéis a sholáthar difriúil sna cásanna dá bhforáiltear faoi Airteagal 14(3)(b) agus (c).[11]

23. Maidir leis na heisceachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann ón oibleagáid faisnéis a sholáthar, i gcásanna ina mbailítear faisnéis go díreach faoi Airteagal 13 de RGCS, is é an t-aon cheann is infheidhme 'i gcás go bhfuil an fhaisnéis ag an ábhar sonraí cheana agus a mhéid go bhfuil'. I gcásanna bailithe indírigh, tá liosta na n-eisceachtaí féideartha a leagtar amach in Airteagal 14(5) RGCS níos faide. Áirítear ar na heisceachtaí sin cásanna ina bhfuil soláthar faisnéise 'dodhéanta [...] nó bhainfeadh iarracht dhíréireach lena soláthar' (Airteagal 14(5)(b) de RGCS). Sna cásanna sin, déanfaidh an rialaitheoir 'na bearta is gá chun cearta, saoirsí agus leasanna dlisteanacha an ábhair sonraí a chosaint, lena n-áirítear an fhaisnéis a chur ar fáil go poiblí'.

24. Is léir ón méid sin roimhe seo go mbeidh difríocht idir raon feidhme oibleagáid an rialaitheora faisnéis a sholáthar, ag brath ar cé acu Airteagal 13 nó Airteagal 14 RGCS a bhfuil feidhm aige. Beidh tionchar ag toradh an chinnidh sin ar na hábhair nach mór d'údarás maoirseachta imscrúdú a dhéanamh orthu chun a chinneadh ar sáraíodh an oibleagáid faisnéis a sholáthar.

25. Agus na barúlacha ginearálta sin á gcur in iúl, ní mór a scrúdú ansin an dtagann próiseáil sonraí trí cheamara colainne amhail an ceamara a úsáidtear sna príomhimeachtaí faoi raon feidhme ábhartha Airteagal 13 nó Airteagal 14 de RGCS. Chuige sin, is gá, i gcomhréir le cásdlí socair, breithniú a dhéanamh ní hamháin ar fhoclaíocht na bhforálacha sin ach freisin ar a gcomhthéacs agus ar na cuspóirí a shaothraítear leis an reachtaíocht ar cuid di iad.[12]

26. Ar an gcéad dul síos, maidir le foclaíocht Airteagail 13 agus 14 de RGCS, ní mór a thabhairt faoi deara, mar a shoiléirigh an Chúirt sa bhreithiúnas in *Másdi*, go sainítear raon feidhme ábhartha Airteagal 14 go diúltach trí thagairt a dhéanamh d'Airteagal 13 de RGCS.[13] Mar is léir ó cheannteidil na bhforálacha sin, baineann Airteagal 13 leis an bhfaisnéis atá le soláthar i gcás ina mbailítear sonraí pearsanta ón ábhar sonraí, agus baineann Airteagal 14 leis an bhfaisnéis sin nach mór a sholáthar i gcás nár bailíodh na sonraí pearsanta ón ábhar sonraí.[14] Mar a luaigh an

[10] Go sonrach, faoi Airteagal 13(2)(e) de RGCS, ní mór don rialaitheoir an t-ábhar sonraí a chur ar an eolas an ceanglas reachtúil nó conarthach é sonraí pearsanta a sholáthar, agus i dtaobh an bhfuil sé d'oibleagáid ar an ábhar sonraí na sonraí pearsanta a sholáthar agus faoi na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar mhainneachtain na sonraí sin a sholáthar. Faoi Airteagal 14(1)(d) de RGCS, ní mór don rialaitheoir sonraí faisnéis a sholáthar maidir leis na catagóirí sonraí pearsanta lena mbaineann. Thairis sin, faoi Airteagal 14(2)(f) de RGCS, ní mór don rialaitheoir sonraí an t-ábhar sonraí óna dtagann na sonraí pearsanta a chur ar an eolas.

[11] De réir Mheitheal Airteagal 29, *Treoirlínte maidir le trédhearcacht faoi Rialachán 2016/679*, 29 Samhain 2017, WP260 rev. 01, mír 28, arna bhformhuiniú ag an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí (EDPB) an 25 Bealtaine 2018 ('Treoirlínte WP 29 maidir le trédhearcacht'), is é mí amháin in aon chás an uasteorainn ama ar laistigh di nach mór faisnéis faoi Airteagal 14 a chur ar fáil.

[12] Féach, chuige sin, breithiúnas an 28 Samhain 2024, *Másdi* (C-169/23, EU:C:2024:988, mír 39).

[13] Breithiúnas an 28 Samhain 2024, *Másdi* (C-169/23, EU:C:2024:988, mír 48).

[14] Ibid.

Coimisiún ina aighneachtaí i scríbhinn, tá an dá fhoráil *comheisiach*. I bhfianaise an *déscartha* sin, tagann gach cás ina mbailítear sonraí ón ábhar sonraí faoi raon feidhme ábhartha Airteagal 13 agus gach cás nach mbailítear sonraí ón ábhar sonraí faoi raon feidhme ábhartha Airteagal 14. [15]

27. Is léir ón ordú tarchuir go mbaineann an deacracht a bhaineann le raon feidhme ábhartha na bhforálacha sin a chinneadh go sonrach leis an gceist an bhfuil cur i bhfeidhm Airteagal 13 de RGCS coinníollach ar an ábhar sonraí a bheith ar an eolas faoi bhailiú a shonraí nó faoi chineál éigin gníomhaíochta d'aon ghnó ar a thaobhsa maidir leis na sonraí a sholáthar (mar shampla, trí fhoirm a líonadh isteach). [16]

28. I ndáil leis sin, ní mór a thabhairt faoi deara nach n-éilíonn an téarma 'sonraí a bhailítear' ón ábhar sonraí dá dtagraítear in Airteagal 13(1) de RGCS gníomhaíocht shonrach ón ábhar sonraí. Is cineál 'próiseála' sonraí é an 'bailiú', ós rud é go sainmhínítear an téarma deireanach sin faoi phointe 2 d'Airteagal 4 de RGCS. Dá réir sin, ní mór don rialaitheoir sonraí gníomhaíocht a dhéanamh chun sonraí a bhailiú. [17] Mar a d'áitigh an tÚdarás um Chosaint Príobháideachais os comhair na cúirte a rinne an tarchur, is é an rialaitheoir sonraí a bhfuil ról gníomhach aige sna sonraí a bhailiú, seachas an t-ábhar sonraí.

29. Tá sé tugtha faoi deara ag an gCoimisiún agus ag an Údarás um Chosaint Príobháideachais ina n-aighneachtaí i scríbhinn go n-úsáidtear dhá bhriathar éagsúla sna leaganacha Béarla agus Sualainnise d'Airteagail 13 agus 14 RGCS. Cé go dtagraítear in Airteagal 13 do shonraí 'a bhailítear' ón ábhar sonraí ('*samlas*' sa tSualainnis), tagraíonn Airteagal 14 do shonraí 'nach bhfuarthas' ón ábhar sonraí ('*erhållits*' sa tSualainnis). Mar sin féin, mar a chuir an Coimisiún in iúl, úsáidtear an briathar céanna i dteangacha eile [18] agus, in aon chás, is cosúil nach bhfuil aon tábhacht ag baint le dhá bhriathra éagsúla a úsáid, 'bailigh' agus 'faigh'. Is féidir é sin a thuiscint freisin ón mbreithiúnas in *Másdi*, i gcás ina míníonn an Chúirt gurb ionann na sonraí pearsanta 'a *fuair*' an rialaitheoir de réir bhrí Airteagal 14 de RGCS agus na sonraí sin go léir a '*bhailíonn* an rialaitheoir sin ó dhuine seachas an t-ábhar sonraí...'. [19]

30. Léiríonn an déscaradh idir Airteagail 13 agus 14 de RGCS, dá dtagraítear i mír 26 thuas, nach é rannpháirtíocht ghníomhach an ábhair sonraí é an bunús chun a raon feidhme ábhartha a chinneadh ach *foinse* na sonraí. Más é an t-ábhar sonraí foinse na sonraí, beidh feidhm ag Airteagal 13. Chun go mbeidh feidhm ag an bhforáil sin, níor cheart go mbeadh aon *idirghabhálaí* idir an t-ábhar sonraí agus an rialaitheoir. Más aon fhoinse eile seachas an t-ábhar sonraí foinse na sonraí, beidh feidhm ag Airteagal 14. D'fhéadfadh, mar shampla, rialaitheoirí tríú páirtí, foinsí atá ar fáil go poiblí nó ábhair sonraí eile a bheith i gceist le haon fhoinse eile. [20]

31. Deimhnítear le foclaíocht Airteagal 14(2)(f) de RGCS gurb í foinse na sonraí an critéar chun an raon feidhme ábhartha a theorannú idir Airteagail 13 agus 14. Go deimhin, de réir na forála sin, i gcás nach bhfuarthas na sonraí ón ábhar sonraí, ní mór don rialaitheoir an t-ábhar sonraí chur ar an eolas faoin '[*bh*]*foinse* as ar tháinig na sonraí pearsanta' (béim curtha leis).

15 Féach, chuige sin, breithiúnas an 28 Samhain 2024, *Másdi* (C-169/23, EU:C:2024:988, mír 48).

16 Féach míreanna 9, 11 agus 12 den Tuairim seo.

17 Féach, Roßnagel, A., 'Kapitel I Allgemeine Bestimmungen, Artikel 4 Nr. 2 Begriffsbestimmung „Verarbeitung"', in Simitis, S., Hornung, G. et al., *Datenschutzrecht, Datenschutzgrundrechtverordnung, Bundesdatenschutzgesetz*, Nomos, Baden-Baden, 2ú heag., 2025, mír 15.

18 Is amhlaidh atá, mar shampla, sna leaganacha Fraincise, Gearmáinise agus Gréigise de RGCS.

19 Breithiúnas an 28 Samhain 2024, *Másdi* (C-169/23, EU:C:2024:988, mír 47) (béim curtha leis).

20 WP 29 Treoirlínte maidir le trédhearcacht, mír 26.

32. Tugtar le fios freisin i bhfoclaíocht aithris 61 de RGCS gurb é foinse na sonraí an critéar lena ndéantar idirdhealú idir raon feidhme ábhartha Airteagail 13 agus 14. Deir na haithrise sin 'ba cheart an fhaisnéis i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann leis an ábhar sonraí a thabhairt dó nó di tráth bhailiú na sonraí ón ábhar sonraí, nó, *i gcás nach bhfaightear na sonraí pearsanta ach ó fhoinse eile*, laistigh de thréimhse réasúnta, ag brath ar imthosca an cháis' (béim curtha leis). Deir na haithrise sin freisin gur cheart faisnéis ghinearálta a sholáthar 'más rud é nach féidir tionscnamh na sonraí pearsanta a chur ar fáil don ábhar sonraí toisc gur *úsáideadh foinsí éagsúla*' (béim curtha leis).

33. Is féidir na sonraí a bhailiú go díreach ón ábhar sonraí trí mhodhanna éagsúla a úsáid. Ní éilíonn bailiú den sórt sin rannpháirtíocht ná tionscnamh an ábhair sonraí maidir leis na sonraí nó an t-eolas ar an mbailiúchán a sholáthar. Deimhnítear an cur chuige sin freisin le Treoirlínte WP 29 maidir le trédhearcacht, ina luaitear go bhfuil feidhm ag Airteagal 13 nuair a sholáthraíonn ábhar sonraí sonraí pearsanta *go comhfhiosach* don rialaitheoir sonraí nó nuair a bhailíonn rialaitheoir sonraí na sonraí ó ábhar sonraí trí *bhreathnóireacht*. Áirítear ar na samplaí de bhailiú sonraí trí bhreathnóireacht a thugtar iontu úsáid a bhaint as feistí uathoibrithe gabhála sonraí nó as bogearraí gabhála sonraí, amhail ceamaraí. [21]

34. Nuair a bhailítear sonraí go díreach trí bhreathnóireacht, is toradh ar chur i bhfeidhm Airteagal 13 RGCS é feasacht an ábhair sonraí maidir le bailiú sonraí agus an oibleagáid a chruthaíonn sé don rialaitheoir sonraí faisnéis a sholáthar don ábhar sonraí tráth an bhailithe. I bhfocail eile, ní réamhriachtanas é an t-eolas ar bhailiú na sonraí chun Airteagal 13 a chur i bhfeidhm, ach is *iarmhairt* é ar an oibleagáid dá bhforáiltear faoi Airteagal 13 RGCS an t-ábhar sonraí a chur ar an eolas tráth a fhaightear sonraí pearsanta (ar a dhéanaí).

35. Ón uair a bhailítear sonraí go díreach ón ábhar sonraí agus go díreach mar gheall ar bhailiú den sórt sin, ní mór don rialaitheoir sonraí an fhaisnéis a sholáthar, rud a chuirfidh an t-ábhar sonraí ar an eolas faoin mbailiú sonraí. Mar a d'áitigh an tÚdarás um Chosaint Príobháideachais, i gcás ina bhfuil limistéar faoi fhaireachas, ní mór comhartha rabhaidh ábhartha a bheith ann ionas go bhfuil an t-ábhar sonraí ar an eolas faoin mbailiú sula dtéann sé isteach sa limistéar faireachais. [22] Tríd an limistéar a iontráil go feasach, tugann an t-ábhar sonraí cead a gcuid sonraí pearsanta a bhailiú.

36. I gcás bailiú sonraí ag ceamara coirp, amhail an bailiú atá i gceist sna príomhimeachtaí, mar a thug Rialtas na hOstaire faoi deara, athraíonn an t-ábhar sonraí ina fhoinse do na sonraí a bhailítear toisc é a bheith i láthair go fisiciúil sa limistéar ábhartha arna ghabháil ag an gceamara.

37. Ní fhéadfar teacht ar chonclúid eile, sa mhéid is nach mbeadh feidhm ag Airteagal 13 ach amháin nuair a sholáthraíonn an t-ábhar sonraí na sonraí go gníomhach, ó fhoclaíocht Airteagail 13 agus 14 de RGCS nó óna aithrisí. Go sonrach, contrártha d'aighneachtaí SL agus Rialtas na Danmhairge, ní fhéadfar teacht ar chonclúid den sórt sin ó Airteagal 13(2)(e) de RGCS, mar a léirítear in aithris 60 de. De réir na forála sin, i gcás nach mbailítear na sonraí ón ábhar sonraí, ní mór don rialaitheoir faisnéis a sholáthar maidir le '…an bhfuil sé d'oibleagáid ar an ábhar sonraí na sonraí pearsanta a sholáthar agus maidir leis na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann mura soláthraítear na sonraí sin'. Mar a luaigh an tÚdarás um Chosaint

[21] Ibid.

[22] Féach EDPB, 'Treoirlínte 3/2019 maidir le *sonraí pearsanta a phróiseáil trí fhísghléasanna*', an 29 Eanáir 2020, pointe 113 ('Treoirlínte EDPB maidir le físfhaireachas'). Is ceist ar leith í an raibh tuiscint ag an ábhar sonraí ar an bhfaisnéis i ndáiríre agus braitheann sí ar cibé ar tugadh an fhaisnéis i 'i bhfoirm atá gonta, trédhearcach, intuigthe agus a bhfuil rochtain éasca uirthi, a mbaintear feidhm inti as teanga shoiléir agus as gnáthfhriotal', de réir Airteagal 12 de RGCS.

Príobháideachais os comhair na cúirte a rinne an tarchur, ní thabharfar faisnéis faoi oibleagáid a d'fhéadfadh a bheith ann sonraí a sholáthar ach amháin más gá i gcás sonrach.[23] Ní fhéadfar Airteagal 13(2)(e) de RGCS a léiriú sa chaoi go gceanglaítear leis, i ngach cás, gníomhaíocht ar leith ón ábhar sonraí chun go mbeidh feidhm ag Airteagal 13.

38. Ar an gcaoi chéanna, ní thugtar le fios le foclaíocht Airteagal 14(1)(d) de RGCS nach mór ról gníomhach a bheith ag an ábhar sonraí maidir leis na sonraí nó go mbeadh siad ar an eolas faoin mbailiú sonraí chun go mbeidh feidhm ag Airteagal 13. Ceanglaítear le hAirteagal 14(1)(d) de RGCS, i gcás nach bhfuarthas sonraí pearsanta ón ábhar sonraí, nach mór don rialaitheoir an t-ábhar sonraí a chur ar an eolas faoi na catagóirí sonraí pearsanta lena mbaineann. Ós rud é nach bhfuil aon cheanglas ann faisnéis den sórt sin a sholáthar faoi Airteagal 13 de RGCS, measann SL agus Rialtas na Danmhairge go bhfuil feidhm ag Airteagal 13 nuair atá an t-ábhar sonraí ar an eolas cheana féin faoi bhailiú na sonraí. Mar sin féin, is féidir údar a thabhairt leis an gceanglas faisnéise faoi Airteagal 14(1)(d) toisc go bhfuil an rialaitheoir ag próiseáil sonraí a fuarthas ó fhoinsí seachas an t-ábhar sonraí agus nach bhfuil sé i dteagmháil leis an ábhar sonraí tráth bailithe na sonraí.

39. Dá bhrí sin, tacaíonn foclaíocht Airteagail 13 agus 14 de RGCS faoi seach leis an gconclúid go dtagann bailiú sonraí ag ceamara coirp, mar fhoirm de bhailiú díreach sonraí ón ábhar sonraí, faoi raon feidhme Airteagal 13.

40. Ar an dara dul síos, comhthacaíonn an comhthéacs a bhaineann leis na forálacha sin le léiriú den sórt sin. Is léirithe sonracha iad na hoibleagáidí maidir le faisnéis a sholáthar faoi Airteagail 13 agus 14 de RGCS ar phrionsabal na trédhearcachta, lena rialaítear próiseáil sonraí pearsanta, dá bhforáiltear in Airteagal 5(1)(a) de RGCS. Faoin bhforáil sin, ní mór sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhealach atá dleathach, cothrom agus trédhearcach i ndáil leis an ábhar sonraí. Dá bhrí sin, ní mór do phróiseáil sonraí pearsanta, *inter alia*, ceanglais shonracha trédhearcachta a chomhlíonadh maidir leis an ábhar sonraí lena mbaineann an phróiseáil sin.[24]

41. Fágann sainiú raon feidhme Airteagail 13 agus 14 de RGCS bunaithe ar fhoinse na sonraí gur féidir próiseáil chothrom thrédhearcach a dhéanamh. Nuair a bhailítear na sonraí go díreach ón ábhar sonraí, ní mór faisnéis a sholáthar don ábhar sonraí tráth an bhailithe. Nuair nach mbailítear na sonraí go díreach ón ábhar sonraí, tá lamháil éigin ann don rialaitheoir sonraí chun an fhaisnéis a sholáthar – laistigh de thréimhse réasúnta – díreach toisc nach bhfuil aon teagmháil dhíreach leis an ábhar sonraí.

42. I gcás bailiú sonraí trí cheamara coirp, cuireann soláthar láithreach faisnéise don ábhar sonraí faoin mbailiú ar chumas an ábhair sonraí a bheith ar an eolas faoin mbailiú chun a chearta nó a cearta mar ábhar sonraí a fheidhmiú ón mbailiú nó fiú sula gcuirtear tús leis an mbailiú. Mar a thug Rialtas na hOstaire faoi deara, trí bheith ar an eolas faoin mbailiú sonraí a luaithe is féidir, féadfaidh an t-ábhar sonraí, mar shampla, cinneadh a dhéanamh gan dul isteach sa limistéar atá faoi fhaireachas nó a iompar a oiriúnú.

43. Maidir leis na modhanna praiticiúla chun an fhaisnéis a sholáthar, ní mór a mheabhrú, faoi Airteagal 12(1) de RGCS, nach mór don rialaitheoir 'bearta iomchuí' a dhéanamh chun an fhaisnéis is gá a chur ar fáil 'i bhfoirm atá gonta, trédhearcach, intuigthe agus a bhfuil rochtain éasca uirthi, a mbaintear feidhm inti as teanga shoiléir agus as gnáthfhriotal'.

[23] Tugann Treoirlínte WP29 maidir le trédhearcacht sampla den fhaisnéis a d'fhéadfadh a bheith riachtanach a thabhairt d'fhostóir reatha nó d'fhostóir ionchasach i gcomhthéacs fostaíochta.

[24] Breithiúnas an 11 Iúil 2024, *Meta Platforms Ireland (Caingean ionadaíoch)* (C-757/22, EU:C:2024:598, mír 53).

44. Glacann na páirtithe agus na daoine leasmhara a chuir barúlacha i scríbhinn isteach leis mar bhonn ginearálta, i gcás faireachas ceamara, gur cheart an fhaisnéis a sholáthar trí 'chur chuige srathach'. I dTreoirlínte EDPB maidir le físfhaireachas, tugtar forléargas mionsonraithe praiticiúil ar an gcur chuige srathach. Baineann an fhaisnéis céad sraithe leis an 'bpríomhbhealach ina dtéann an rialaitheoir i dteagmháil leis an ábhar sonraí den chéad uair'. I gcás físfhaireachais, comhartha rabhaidh a bheidh ann de ghnáth ionas go mbeidh an t-ábhar sonraí ar an eolas go bhfuil sé nó sí ag dul isteach i limistéar faireachais. Ní mór an fhaisnéis céad sraithe a chomhlánú ansin le faisnéis an dara sraith, trí thagairt a dhéanamh d'fhoinse dhigiteach más féidir (mar shampla, cód QR nó seoladh suímh gréasáin), cé gur cheart an fhaisnéis a bheith ar fáil go héasca i bhfoirm neamhdhigiteach freisin. [25]

45. D'áitigh SL agus Rialtas na Danmhairge go bhfuil an cur chuige srathach i gcomhréir níos mó le scéim ghinearálta Airteagal 14 de RGCS, seachas Airteagal 13 de RGCS. Is é an dearcadh atá acu ná gur cheart go mbeadh feidhm ag an deacracht a bhaineann leis an bhfaisnéis a sholáthar tráth bailithe na sonraí nuair a úsáidtear ceamaraí colainne chun an eisceacht faoi Airteagal 14(5)(b) de RGCS a chur i bhfeidhm. Tá feidhm ag an eisceacht sin i gcás ina bhfuil soláthar na faisnéise 'dodhéanta nó go mbainfeadh iarracht dhíréireach [leis sin]'. Sna cásanna sin déanfaidh an rialaitheoir 'na bearta is gá chun cearta, saoirsí agus leasanna dlisteanacha an ábhair sonraí a chosaint'.

46. Nílim cinnte faoi na hargóintí sin. Ar an gcéad dul síos, leanann sé ó Airteagal 12 de RGCS go mbaineann na 'bearta iomchuí' nach mór don rialaitheoir a dhéanamh chun faisnéis a sholáthar leis an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 13 agus 14 araon. Ciallaíonn sé sin nach mór don rialaitheoir sonraí bearta iomchuí a dhéanamh chun faisnéis a sholáthar i gcásanna ina mbailítear na sonraí go díreach agus go hindíreach araon.

47. Ar an dara dul síos, mar a chuir an tÚdarás um Chosaint Príobháideachais in iúl, go bunúsach, braitheann oiriúnacht na mbeart ar an gcomhthéacs ina mbailítear na sonraí agus baineann sé, *inter alia*, le leas na n-ábhar sonraí. Tá bailiú sonraí ag ceamara colainne chomh hionrach céanna le físfhaireachas agus tá rioscaí suntasacha ag baint leis do phríobháideachas na n-ábhar sonraí. [26] Nuair a fhéachann na rialaitheoirí leis na bearta is iomchuí a chinneadh chun faisnéis a sholáthar do na hábhair sonraí, ní mór aird chuí a thabhairt ar phrionsabal na trédhearcachta agus ar mhéid ionsáite na modhanna a úsáidtear chun na sonraí a bhailiú. Má ghlactar leis go ginearálta go bhfuil an cur chuige srathach iomchuí d'fhaireachas físe, lena mbaineann rioscaí suntasacha don phríobháideachas, ba cheart an rud céanna a bheith fíor maidir le bailiú sonraí ag ceamaraí colainne.

48. Ar an tríú dul síos, tá argóintí áititheacha ann a léiríonn nach bhfuil an cur chuige srathach 'neamhphraiticiúil' nó 'dodhéanta' i gcás ceamara coirp. D'áitigh an tÚdarás um Chosaint Príobháideachais, Rialtas na hOstaire agus an Coimisiún go bhfuil an cur chuige srathach maidir le físfhaireachas infheidhme ar an gcaoi chéanna i gcás ceamaraí colainne, ag tagairt do

[25] Féach, go mion, Treoirlínte an EDPB maidir le físfhaireachas, pointí 112 go 119.

[26] Féach, go ginearálta, Treoirlínte EDPB maidir le físfhaireachas, pointe 1 et seq.

Threoirlínte EDPB maidir le físfhaireachas. Ní athraíonn cineál neamhcheangailteach na dtreoirlínte sin an fíoras go léiríonn siad i dtéarmaí nithiúla go bhfuil an cur chuige srathach indéanta agus praiticiúil.[27]

49. Ar an tríú dul síos, tá an léiriú go bhfuil feidhm ag Airteagal 13 i gcás sonraí arna mbailiú trí cheamara colainne comhsheasmhach leis na cuspóirí a shaothraítear leis an reachtaíocht ar cuid díobh Airteagail 13 agus 14 de RGCS. Is é an cuspóir atá á shaothrú ag RGCS, mar a leagtar amach in Airteagal 1 agus in aithrisí 1 agus 10 de, ná, *inter alia*, ardleibhéal cosanta a áirithiú do chearta agus saoirsí bunúsacha daoine nádúrtha, agus go háirithe a gceart chun príobháideachais maidir le próiseáil sonraí pearsanta, mar atá cumhdaithe in Airteagal 8(1) den Chairt agus Airteagal 16(1) CFAE.[28] I gcomhréir leis an gcuspóir sin, ní mór d'aon phróiseáil sonraí pearsanta, *inter alia*, na prionsabail a bhaineann le próiseáil sonraí den sórt sin a leagtar amach in Airteagal 5 de RGCS a chomhlíonadh, lena n-áirítear prionsabal na trédhearcachta.

50. Is léiriú ar phrionsabal na trédhearcachta í an oibleagáid atá ar an rialaitheoir faisnéis a sholáthar mar a leagtar síos in Airteagail 13 agus 14 de RGCS. Mar a tugadh faoi deara cheana féin thuas,[29] tá uainiú na hoibleagáide faisnéis a sholáthar éagsúil, ag brath ar cé acu de na forálacha sin a bhfuil feidhm acu. Is gá faisnéis a sholáthar láithreach chun bailiú díreach a dhéanamh. I gcás nach mbailítear na sonraí go díreach toisc go mbailítear na sonraí ó fhoinsí eile, féadfar an fhaisnéis a thabhairt ag céim níos déanaí. Fágann RGCS gur féidir uainiú difriúil a bheith ann maidir le faisnéis a sholáthar go díreach toisc go bhfuil an bailiú indíreach.

51. Dá nglacfaí leis go bhfuil feidhm ag Airteagal 14 de RGCS maidir le bailiú sonraí trí cheamara coirp, chiallódh sé sin nach gcuirfí faisnéis ar fáil do na hábhair sonraí tráth bailithe na sonraí, in ainneoin gurb iad foinse na sonraí iad. Mar a thug Rialtas na hOstaire agus an Coimisiún faoi deara, go bunúsach, d'fhéadfadh sé sin an bonn a bhaint de *effet utile* Airteagal 13 RGCS. Go deimhin, cheadódh sé do na rialaitheoirí staonadh ó fhaisnéis a sholáthar do na hábhair sonraí láithreach, d'ainneoin gur bailíodh na sonraí go díreach ó na hábhair sonraí sin.[30] Cruthaíonn sé an riosca nach dtabharfadh na hábhair sonraí faoi deara an ghabháil sonraí agus go mbeadh cleachtais faireachais fholaithe ann.[31] Bheadh imchéimniú den sórt sin ar Airteagal 13 RGCS ina shárú tromchúiseach ar cheart an ábhair sonraí chun faisnéise.

[27] Maidir le cur chun feidhme praiticiúil na gceanglas soláthair faisnéise i gcás úsáid ceamaraí colainne, féach an Coimisiún um Chosaint Sonraí (Éire), 'Guidance on the use of body worn cameras or action cameras', 10 Eanáir 2020, lch. 3, ina luaitear 'go mbraitheann na bearta iomchuí chun an fhaisnéis sin a chur in iúl don ábhar sonraí ar an gcomhthéacs sonrach agus ar an timpeallacht shonrach ina mbailítear agus ina bpróiseáiltear na sonraí, agus i gcás ceamaraí a chaitear ar an gcorp, féadfaidh fógraí infheicthe a bheith san áireamh ina bhfuil an fhaisnéis, suaitheantais in aice leis an trealamh ina bhfuil faisnéis nó naisc, comharthaíocht phoiblí, nó an fhaisnéis ábhartha a chur in iúl nó a chur in iúl do na hábhair sonraí ar bhealach eile.' Féach freisin Datenschutzkonferenz (DSK) (An Chomhdháil um Chosaint Sonraí, an Ghearmáin) 'Orientierungshilfe der Datenschutzaufsichtsbehörden zu dem Einsatz von Bodycams durch private Sicherheitsunternehmen', 22 Feabhra 2019, ('DSK Orientierungshilfe'), lch. 4. Leanann sé ó na treoirlínte sin go bhfuil modhanna praiticiúla ann chun aird an ábhair sonraí a tharraingt ar an bpróiseáil ábhartha. Mar shampla, nuair a ghníomhachtaítear an ceamara colainne, ní mór comhartha optúil a ghníomhachtú ('lampa dearg' ('*rote Lampe*')) agus ní mór comharthaí infheicthe a bheith ag na daoine a bhfuil na ceamaraí colainne orthu, amhail seaicéid rabhaidh le siombailí ceamara ('*beschriftete Warnwesten mit Kamerasymbolen*').

[28] Breithiúnas an 30 Aibreán 2025, *Ministerstvo zdravotnictví (Sonraí a bhaineann le hionadaí duine dhlítheanaigh)* (C-710/23, EU:C:2025:231, mír 29).

[29] Féach mír 41 den Tuairim seo.

[30] Tá an méid sin gan dochar do chur i bhfeidhm aon cheann de na srianta ar cheart an ábhair sonraí go gcuirfí faisnéis ar fáil dó faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 23 de RGCS.

[31] Féach, chuige sin, *DSK Orientierungshilfe*, fonóta 28, op. cit lch. 1.

52. Ar deireadh, dá mbeadh an t-idirdhealú idir raon feidhme ábhartha Airteagail 13 agus 14 de RGCS ag brath ar cé acu a bhí nó nach raibh an t-ábhar sonraí ar an eolas faoi bhailiú a shonraí nó a sonraí tráth an bhailithe, d'fhágfadh sé sin na teorainneacha idir an dá fhoráil doiléir agus bheadh a gcur i bhfeidhm ag brath ar imthosca randamacha.

53. Dá bhrí sin, leanann sé as léiriú litriúil, comhthéacsúil agus teileolaíoch ar Airteagail 13 agus 14 de RGCS, i gcás bailiú sonraí trí cheamara coirp, ar foirm de bhailiúchán díreach sonraí ón ábhar sonraí é, go dtagann an oibleagáid atá ar an rialaitheoir sonraí faisnéis a sholáthar faoi raon feidhme na chéad forála sin.

54. Ar mhaithe le hiomláine, tabharfaidh mé roinnt barúlacha críochnaitheacha maidir le hábharthacht an bhreithiúnais in *Ryneš* don chás seo.[32] Sa bhreithiúnas sin, léirmhínigh an Chúirt an eisceacht ó chur i bhfeidhm Threoir 95/46 i gcás gníomhaíocht 'de chineál pearsanta nó de chineál tís' amháin, mar a leagtar amach sa dara fleasc d'Airteagal 3(2) den Treoir sin. Rialaigh sí, go bunúsach, nach bhféadfaí oibriú córais ceamara, arna shuiteáil ag duine aonair ina áras teaghlaigh chun críocha maoin, sláinte agus saol na n-úinéirí tí a chosaint, ach a rinne faireachán freisin ar spás poiblí, a mheas mar ghníomhaíocht atá ina gníomhaíocht 'pearsanta nó tís' amháin chun críocha na forála sin. Dá bhrí sin, ní fhéadfadh próiseáil den sórt sin a eisiamh ó chur i bhfeidhm Threoir 95/46.

55. I mír 34 den bhreithiúnas sin, chinn an Chúirt 'an tráth céanna, le cur i bhfeidhm Threoir 95/46 is féidir, i gcás inarb iomchuí, leasanna dlisteanacha arna saothrú ag an rialaitheoir a chur san áireamh, go háirithe i gcomhréir le [hAirteagal 7(f), Airteagal 11(2), agus Airteagal 13(1)(d) agus (g)] den Treoir sin'.

56. Ní hionann an tagairt d'Airteagal 11(2) de Threoir 95/46 sa mhír shonrach sin agus léiriú ag an gCúirt ar an mbunús dlí iomchuí don rialaitheoir sonraí chun faisnéis a sholáthar i gcás físfhaireachais. Bhí an tsaincheist a ardaíodh sa bhreithiúnas sin go hiomlán difriúil leis an tsaincheist sa chás seo, toisc gur bhain sé le cur i bhfeidhm na 'eisceachta teaghlaigh', seachas leis an oibleagáid faisnéis a sholáthar. Sa mhír sin, ní léiríonn an Chúirt ach gur féidir leasanna dlisteanacha an rialaitheora a chur san áireamh i bhfianaise na dteorainneacha agus na n-eisceachtaí a leagtar amach i dTreoir 95/46. Tugann an Coimisiún faoi deara freisin, mar is ceart, gur léir ón tarchur chun réamhrialú i gcás an bhreithiúnais in *Ryneš* gur mheas an t-údarás maoirseachta náisiúnta, i gcomhthéacs an nós imeachta náisiúnta, gur sáraíodh an reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear Airteagal 11 de Threoir 95/46 chun feidhme.

57. In aon chás, ní fhreagraíonn an t-uainiú chun faisnéis a sholáthar faoi Airteagal 14 de RGCS don uainiú a leagadh amach faoi Airteagal 11 de Threoir 95/46.[33] Thairis sin, shoiléirigh reachtóir an Aontais an t-idirdhealú maidir le raon feidhme Airteagail 13 agus 14 faoi seach leis an tagairt d'fhoinse na sonraí in aithris 61 di.[34]

58. Ar na cúiseanna sin, creidim nach bhfuil an breithiúnas in *Ryneš* ábhartha don chás seo agus nach féidir conclúid atá éagsúil leis an gconclúid a mholtar sa Tuairim seo a bheith mar thoradh air.

[32] Bhunaigh Kammarrätten i Stócólm (an Chúirt Achomhairc Riaracháin, Stócólm) a réasúnaíocht ar an mbreithiúnas sin. Áitíonn SL agus Rialtas na Danmhairge, ina n-aighneachtaí i scríbhinn freisin go bhfuil an breithiúnas ábhartha don chás seo.

[33] Faoi Airteagal 11 de Threoir 95/46, bhí sé d'oibleagáid ar an rialaitheoir an fhaisnéis a sholáthar don ábhar sonraí 'tráth taifeadta na sonraí pearsanta nó má tá sé beartaithe sonraí pearsanta a nochtadh do thríú páirtí, tráth nach déanaí ná an tráth a nochtadh na sonraí den chéad uair'.

[34] Mar a luaigh an Coimisiún ina aighneachtaí i scríbhinn, tá an fhoclaíocht in aithris 61, 'i gcás nach bhfaightear na sonraí pearsanta ach ó fhoinse eile', nua i gcomparáid le Treoir 95/46. Féach mír 32 den Tuairim seo.

59. I bhfianaise an mhéid thuas, measaim nach mór Airteagail 13 agus 14 de RGCS a léiriú sa chaoi, i gcás ina mbailítear sonraí pearsanta trí bhíthin ceamaraí colainne arna gcaitheamh ag cigirí ticéad ag obair ar son cuideachta iompair phoiblí, go bhfuil feidhm ag Airteagal 13 agus nach bhfuil feidhm ag Airteagal 14.

V. Conclúid

60. I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, molaim go bhfreagródh an Chúirt Bhreithiúnais na ceisteanna arna dtarchur ag an Högsta förvaltningsdomstolen (an Chúirt Uachtarach Riaracháin, an tSualainn) le haghaidh réamhrialú mar seo a leanas:

Maidir le hAirteagail 13 agus 14 de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí),

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

i gcás ina mbailítear sonraí pearsanta trí cheamaraí colainne arna gcaitheamh ag cigirí ticéad ag obair le cuideachta iompair phoiblí, tá feidhm ag Airteagal 13 agus níl feidhm ag Airteagal 14.